# Cuir Fáilte Roimh Theangacha



***Tá an-áthas ar Languages Connect an seachtú alt i sraith alt a thabhairt duit. Díríonn an t-alt seo ar scoileanna agus ar mhúinteoirí a ghlac páirt i Cuir Fáilte Roimh Theangacha atá á scaipeadh amach don tríú bliain. Labhraíonn Therese Eagers, múinteoir teanga iar-bhunscoile Seapáinise agus Gaeilge, ar an gcaoi ar ghlac sí páirt i múineadh na Seapáinise mar chuid de Cuir Fáilte Roimh Theangacha, mar a spreag an taithí seo fiosracht na ndaltaí ar theangacha, an Ghaeilge san áireamh, agus an sceitimíní a bhí uirthi agus í ag ullmhú chun na teanga a chur i láthair.***

### Ag tabhairt faoi

Bhí dúil mhór agam i dteangacha i gcónaí. Tá mé ag múineadh san iar-bhunscoil agus san ollscoil, ach bhí mé fós le dul isteach sa seomra ranga bunscoile. Nuair a chuala mé faoin deis a bheith páirteach i Cuir Fáilte Roimh Theangacha le PPLI, bhí a fhios agam gur domsa a bhí sé.

### Eispéireas iontach do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon

Ghlac mé páirt sa mhodúl le dhá bhliain anuas agus bhí an t-ádh orm blas de theanga agus de chultúr na Seapáine a thabhairt go Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Steach Maoilín. Bhuail na daltaí leis an modúl le súnámaí díograiseach, agus bhí an-áthas orm a ndul chun cinn tapa a fheiceáil. Laistigh de thréimhse ghearr bhí siad in ann beannú dom, iad féin a chur in aithne agus a n-ainmneacha a scríobh san aibítir Seapánach. Thosaigh siad freisin ag déanamh ceangail le teangacha eile a raibh aithne acu orthu, agus bhí an-áthas orm a fheiceáil conas a chuimsigh sé sin a stór i nGaeilge freisin. Thug an modúl deis iontach do na daltaí aithne a chur ar oidhreachtaí a chéile. D'úsáideamar na pasanna teanga chun labhairt ar an iliomad teangacha a bhí á labhairt acu agus a dteaghlaigh i gcomhthéacsanna éagsúla.

Deis iontach a bhí ann chun comhoibriú, roinnt agus spraoi a bheith agat le múinteoirí eile freisin. Bhí an tacaíocht ó Orlaith agus ó Margaret agus ó phríomhoide na scoile, Aoife, ríthábhachtach do rath an mhodúil.




### An chéad eachtra eile

I mbliana, tabharfaidh mé Seapáinis go dtí mo ghaelscoil áitiúil, Scoil Chrónáin, Ráth Cúil. Táim ag súil go mór le bheith ag múineadh i dtimpeallacht ina bhfuil daltaí ag foghlaim agus ag maireachtáil trí dhá theanga. Tá a meon oscailte do theangacha agus tá siad cleachta cheana féin le machnamh a dhéanamh ar conas a oibríonn teangacha, mar sin táim ag súil go n-éireoidh go geal leis an modúl. Is ionadh é go bhfuil go leor cosúlachtaí idir an Ghaeilge agus an tSeapáinis, mar sin tabharfaidh teagasc i nGaelscoil neart deiseanna dom na cosúlachtaí seo a fhiosrú. Táim ag súil go mór le tuilleadh comhoibrithe leis na múinteoirí, muiníneach go bhfuil gach acmhainn a chuireann PPLI ar fáil i nGaeilge freisin ó languagesconnect.ie/primary-module-resources/

Más múinteoir bunscoile thú a bhfuil beagán líofachta agat i dteanga eile, bíodh Spáinnis nó Sínis i gceist – cén fáth nach smaoineofá ar an modúl seo a thabhairt isteach i do scoil? Tá go leor tacaíochtaí ar fail. Lean ort - Cuir Fáilte Roimh Theangacha!

**THERESE EAGERS, St Rapheala's Secondary School, Stillorgan. For more information about Say Yes to Languages, email primary@ppli.ie or visit www.languagesconnect.ie. Languages Connect promotes the personal, social, professional and economic benefits of foreign language skills to principals, teachers, guidance counsellors, parents and students. Funded by the Department of Education and facilitated by PPLI, this is a key objective of Languages Connect; Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017 – 2026.**




